
LÍONRA UM THAISTEAL GNÍOMHACH
BHAILE ÁTHA CLIATH




# Uasghrádú ar Acomhal Bhóthar na Siúire/ Bhóthar Mhic Dháibhéid

## Cill Mhaighneann go Sráid Thomáis Bealach Siúil agus Rothaíochta

## AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ

**OÍCHE EOLAIS - Déardaoin 20 Meitheamh 4-7i.n.**




## CÉARD ATÁ SA BHILEOG SEO?

1 Léargas ar an Tionscadal
2 Buntáistí na Scéime
3 Príomhghnéithe
4 Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn

## 1 LÉARGAS AR AN TIONSCADAL

Beartaíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC), le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, acomhal Bhóthar na Siúire, Bhóthar Mhic Dháibhéid, Bhóthar an Charnáin agus Bhóthar Shliabh na mBan a uasghrádú san áit a dtrasnaíonn siad ag an gCanáil Mhór. Téann Líne Dhearg LUAS tríd an acomhal freisin. Tugtar bearta isteach sa mholadh chun freastal ar gach úsáideoir iompair a théann tríd an acomhal, ag feabhsú an leagan amach agus ag éascú gluaiseachtaí bus agus rothaithe.

Is cuid de Thionscadal um Thaisteal Gníomhach ó Chill Mhaighneann go Sráid Thomáis é an tionscadal seo atá mar chuid de chroí-Líonra CCBÁC um Thaisteal Gníomhach. Cuirfidh sé 2.6km d'áiseanna siúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán ar fáil ó Phríosún Chill Mhaighneann go Sráid Thomáis. Síneoidh sé ó acomhal an Chuarbhóthair Theas/Lána Chill Mhaighneann feadh an Chuarbhóthair Theas, Bhóthar na Siúire, Radharc na Canálach Móire, Pháirc Líneach San Séamas, Shiúlán San Séamas, Lána Fhoirbis, Lána Mhuire Mhaith agus Chúirt San Tomás a fhad leis an acomhal le Sráid Thomáis.

Tionscadal Éireann
Project Ireland 2040
NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

## 2 CAD IAD NA BUNTÁISTÍ A BHAINEANN LEIS AN SCÉIM?


- Sábháilteacht a fheabhsú do rothaithe agus do choisithe trí níos mó trasrianta díreacha agus trasrianta le tráchtsoilse a chur ar fáil
- Taitneamhacht a fheabhsú le limistéar tírdhreachaithe atá leathnaithe, athchóirithe agus inrochtana
- Sábháilteacht LUAS a fheabhsú agus é ag taisteal tríd an acomhal
- Leibhéil mhéadaithe gníomhaíochta coirp a spreagadh trí bhealach sábháilte agus nascacht leis na bealaí siúil agus rothaíochta eile a sholáthar

## 3 PRÍOMHGHNÉITHE

- Dúnadh shliosbhóthar Shliabh na mBan
- Geata bus a chur ar fáil do Bhusanna ó thuaidh trí acomhal Bhóthar Shliabh na mBan/ Bhóthar an Charnáin
- Ríocht phoiblí agus limistéar tírdhreachaithe a leathnú
- Cóngar sciuirde trí bhóithre áitiúla a laghdú trí Bhóthar Shliabh na mBan
- Uainíocht tráchtsoilse a bharrfheabhsú chun slí rothaithe agus coisithe a éascú tríd an acomhal
- Áiseanna trasrianta feabhsaithe agus níos dírí a chur ar fáil do choisithe
- An tosaíocht atá ag an LUAS agus ag busanna tríd an acomhal a choinneáil
- Cosáin nua agus dromchla bóthair a sholáthar don acomhal iomlán




Léaráid ealaíontóra na scéime molta ag breathnú trasna ar Bhóthar an Charnáin ó Radharc na Canálach Móire



Amharc ón aer - Léaráid Ealaíontóra

## 6 CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Tá rannpháirtíocht an phobail á lorg againn maidir leis na moltaí scéime reatha. Más maith leat féachaint ar fhaisnéis bhreise nó aighneacht a dhéanamh chuig CCBÁC maidir leis an tionscadal seo, féach na roghanna thíos le do thoil:

consultation.dublincity.ie (déan é seo a scanadh)

activetraveloffice@dublincity.ie leis an ábhar: Uasghrádú ar Acomhal Bhóthar na Siúire/Bhóthar Mhic Dháibhéid

Oifig Chlár um Thaisteal Gníomhach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Teach Cavendish, Bloc D, Cúirt Árann, Cé Árann, Baile Átha Cliath 7, D07 H5CH

Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach: 01 222 253

Rabhaidh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: alerts.dublincity.ie

Tá fáil ar na líníochtaí deartha chun breathnú orthu le linn na tréimhse comhairliúcháin ag:

- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Bloc 1, Urlár 0, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08RF3F
- Leabharlann an Charnáin, Bóthar Parnell, Paróiste San Séamas, Baile Átha Cliath, D12 ET22
- https://www.dublincity.ie/Kilmainham-thomas-street-project

## CAD É AN CHÉAD CHÉIM EILE?

Nuair a shroichfear dáta deiridh an chomhairliúcháin phoiblí le haghaidh tuairimí déanfar athbhreithniú ar na freagraí agus déanfar tuilleadh forbartha ar dhearaí sula dtógfar iad. Cuirfear nuashonruithe ar fáil i rith sheachadadh na scéime.

## OÍCHE EOLAIS PHOIBLÍ

Reáchtálfar imeacht eolais maidir leis an tionscadal óna **4-7i.n. ar an 20ú Meitheamh 2024** sa Dea-Chomhairle, Gaeil na Life CLG & Camógaíocht, Bóthar Mhic Dháibhéid, Droimeanach, Co. Bhaile Átha Cliath, D12 AX61

**TAPAIGH AN DEIS LABHARTHA**